

Scéim Údaráis Áitiúla *Chontae Chorcaí*

2007-2010

faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



Cork County Local Authorities Scheme 2007-2010
under Section 11 of the Official Languages Act 2003



Scéim Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí
2007-2010

faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Cork County Local Authorities Scheme
2007-2010

under Section 11 of the Official Languages Act 2003



AN CLÁR

Caibidil 1	<i>Lth</i>
1.1 Réamhrá agus Cúlra	2
1.2 Dáta Tosaithe na Scéime	2
1.3 Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí	2
1.4 Custaiméirí agus Claint	3
1.5 Meastachán ar chomh fairsing & atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana	4
1.6 Modheolaíocht & Taighde atá déanta	4
Caibidil 2	
SOLÁTHAR AR SHEIRBHÍSÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA COMHAIRLE	
2.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal	5
2.2 Doiciméadú Scríofa	5
2.3 Cumarsáid Béil	6
Caibidil 3	
ACHOIMRE AR SHEIRBHÍSÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ A SHOLÁTHRAÍONN RANNÓGA	
3.1 Réamhrá	8
3.2 Teanga Feidhme Gach Rannóige	8
Caibidil 4	
FEABHSÚ AR SHEIRBHÍSÍ A CHUIRFEAR AR FÁIL GO DÁTHEANGACH	
4.1 Polasaí Ginearálta	10
4.2 An Ghaeltacht	10
4.3 Teicneolaíocht Faisnéise	11
4.4 Earcaíocht & Socrúchán	12
4.5 Oiliúint & Forbairt	12
4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Gaeilge Eile	13
4.7 Ainmniú Forbairtí Tithíochta	13
Caibidil 5	
MONATÓIREACHT, ATHBHREITHNIÚ & POIBLÍOCHT AR AN SCÉIM ATÁ AONTAITHE	
5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú	14
5.2 Poiblíocht ar an Scéim atá Aontaithe	14

CONTENTS

Chapter 1	<i>Page</i>
1.1 Introduction & Background	2
1.2 Commencement Date of Scheme	2
1.3 Overview of Cork County Local Authorities	2
1.4 Customers & Clients	3
1.5 Assessment of the extent to which services are already available through Irish	4
1.6 Methodology & Research Undertaken	4
Chapter 2	
PROVISION OF GENERAL COUNCIL SERVICES/ACTIVITIES	
2.1 Means of Communication with the Public	5
2.2 Written Documentation	5
2.3 Oral Communication	6
Chapter 3	
SUMMARY OF SERVICES/ACTIVITIES PROVIDED BY SECTIONS	
3.1 Introduction	8
3.2 Operating Language of Each Section	8
Chapter 4	
ENHANCEMENT OF SERVICES TO BE PROVIDED BILINGUALLY	
4.1 General Policy	10
4.2 An Ghaeltacht	10
4.3 Information Technology	11
4.4 Recruitment & Placement	12
4.5 Training & Development	12
4.6 Gaelscoileanna & Other Irish Language Organisations	13
4.7 Naming of Housing Developments	13
Chapter 5	
MONITORING, REVISION & PUBLICISING OF AGREED SCHEME	
5.1 Monitoring & Revision	14
5.2 Publicising of Agreed Scheme	14

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae

Cúis áthas dom Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí 2007-2010, a hullmhaíodh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chur i láthair. Cheadaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaith agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an Scéim ar 31 Iúil 2007.

Tugann an Scéim cuntas ar na seirbhísí atá an Chomhairle ag cur ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus ar na bearta a thógfar chun feabhas agus méadú a chur ar na seirbhísí sin. Tá freagracht fheidhmiú na scéime ar an mbainistíocht shinsearach ach le cúnamh agus tacaíocht na foirne ar fad is féidir linn a chinntiú go gcomhlíonadh an Chomhairle na gealltanais éagsúla atá déanta againn.

Tá spriocanna uaillmhianacha agus dúshlánacha leagtha amach againn, ach tá siad indéanta, agus cinnteoidh siad go dtiocfaidh ardú ar úsáid na Gaeilge laistigh d'Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí agus sa Contae go ginearálta.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí, leis an bhfoireann a bhí páirteach sa measúnú inmheánaíoch ar sheirbhísí agus leis an bhfoireann sa Rannóg Gnóthaí Corparáideacha a bhí freagrach as ullmhú na Scéime.

Martin Riordan

Bainisteoir an Chontae

Message from the County Manager

I am pleased to present the Cork County Local Authorities Language Scheme 2007-2010 prepared in accordance with Section 11 of the Official Languages Act 2003 and approved by Éamon Ó Cuív, Minister for Rural, Community and Gaeltacht Affairs on 31st July 2007.

The Scheme outlines the services currently provided by the Council in the Irish language and the measures that will be taken to improve and expand on those services. The implementation of the Scheme is the responsibility of senior management but with the assistance and support of all staff we can ensure that the Council delivers on the various commitments we have made.

We have committed ourselves to ambitious and challenging goals but they are achievable and will ensure that the use of Irish within the Cork County Local Authorities and in the County in general will increase.

I would like to thank everyone who participated in the public consultation process, the staff who were involved in the internal assessment of services and the staff in the Corporate Affairs Department who were responsible for the preparation of the Scheme.

Martin Riordan

County Manager



1.1 Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá soláthar in Alt 11 maidir le comhlacht poiblí scéim reachtúil a ullmhú ag sonrú na seirbhísí atá i gceist acu a chur ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Leagtha síos sa scéim seo tá na bearta gur chóir glacadh leo chun a chinntíú go mbeidh na seirbhísí nach bhfuil á soláthar trí mheán na Gaeilge curtha ar fáil taobh istigh de scála ama aontaithe.

Beidh freagracht fheidhmiú na scéime maraon le monatóireacht agus athbhreithniú na scéime ar an mbainistíocht shinsearach laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí.

1.2 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithé agus Gaeltachta. Tá túis curtha leis an scéim le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2007 agus seasfaidh an scéim ar feadh trí bliana ón dáta sin nó eile go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire de réir Alt 15 den Acht, cibé cé acu is túisce.

1.3 Forbhreathnú ar Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí

Ar Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí tá Comhairle Contae Chorcaí agus dhá cheann déag de Chomhairí Baile atá taobh istigh den chontae – An Cóbh, Cionn tSáile, Cloich na Coillte, An Sciobairín, Maigh Chromtha, Mala, Eochaill, Mainistir Fhear Maí, Mainistir na Corann, Droichead na Bandan, Beanntraí agus An Phasáiste.

1.1 Introduction and Background

This scheme was prepared under Section 11 of the Official Languages Act 2003 by Cork County Local Authorities. Section 11 provides for the preparation by a public body of a statutory scheme specifying the services it proposes to provide:

- through the medium of Irish,
- through the medium of English, and
- through the medium of both Irish and English.

This scheme sets out the measures to be adopted to ensure that any services that are not provided through the medium of Irish will be so provided within an agreed timeframe.

Responsibility for ensuring implementation of the scheme as well as monitoring and reviewing the scheme will rest with senior management within Cork County Council.

1.2 Commencement Date of Scheme

This Scheme has been confirmed by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs. The Scheme is commenced with effect from 1st October 2007 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until the Minister pursuant to Section 15 of the Act has confirmed a new Scheme, whichever is the earlier.

1.3 Overview of Cork County Local Authorities

Cork County Local Authorities consists of Cork County Council and twelve Town Councils within the county – Cobh, Kinsale, Clonakilty, Skibbereen, Macroom, Mallow, Youghal, Fermoy, Midleton, Bandon, Bantry and Passage West.

Is aidhm straitéiseach é de Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Chorcaí 2005 – 2009 fairfeacht a bhaint amach i seachadadh seirbhísí chuig ár gcustaiméirí seachtracha.

Tá an Chomhairle tiomanta ar theanga na Gaeilge a chur chun cinn trí fheidhmiú riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tríd an gCairt Chustaiméirí.

Bainistíonn Comhairle Contae Chorcaí an seachadadh ar sheirbhísí an rialtais áitiúil i gContae Chorcaí, ina bhfuil daonra de 324,767 de réir daonáireamh 2006. Clúdaíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil ocht bpriomh Ghrúpa Clár mar a leanann:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Iompar ar Bhóithre agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce agus Uisce Fuíll
- Pleanáil agus Forbairt
- Caomhnú Comhshaoil
- Caitheamh Aimsire agus Conláistí
- Seirbhísí Talmhaíochta, Sláinte agus Leasa
- Seirbhísí Ilgħnéitheacha

1.4 Custaiméirí agus Cliant

Daonra Chontae Chorcaí go bunúsach ach bíonn an Chomhairle ag déileáil leo seo freisin:-

- An tAire & An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais eile & Oifigí Aireachta
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Gnáomhaireschtaí Eile Stáit
- Páirtneirí Sóisialta
- Údaráis áitiúla & réigiúnacha eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh

It is a strategic objective of Cork County Council's Corporate Plan 2005 – 2009 to achieve excellence in the delivery of services to our external customers.

The Council is committed to promoting the Irish language through implementation of the requirements of the Official Languages Act 2003 and through its Customer Charter.

Cork County Council manages the delivery of local government services in the County of Cork, which has a population of 324,767 as per the 2006 census. Services delivered cover eight main Programme Groups as follows:

- Housing and Building
- Roads Transportation and Safety
- Water and Waste Water Services
- Planning and development
- Environmental Protection
- Recreation and Amenity
- Agriculture, Health and Welfare Services
- Miscellaneous Services

1.4 Customers and Clients

Primarily the population of County Cork but the Council also has dealings with:-

- The Minister & Department of the Environment, Heritage & Local Government
- Other Government Departments & Ministerial Offices
- Local Community Groups
- Other State Agencies
- Social Partners
- Other local & regional authorities
- Organisations of the European Union
- LEADER Groups



- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí seirbhíse den rannógr phríobháideach
- Gnólachtaí áitiúla príobháideacha

1.5 Meastachán ar chomh fairsing agus atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Tá Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí ag cur roinnt seirbhísí ar fáil cheana féin, agus sonraítear iad seo i gCaibidil 3.

1.6 Modheolaíocht agus Taighde atá Déanta

In ullmhú na Scéime seo:

- (i) chuardaigh Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí aighneachtaí ón bpobal maidir le hullmhú dréachtscéime
- (ii) Rinne Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí measúnú inmheánach ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil/a d'fhéadfadh gach rannógr a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Fuair Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí 9 n-aighneacht san iomlán uathu seo a leanas:

- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Conradh na Gaeilge
- Oifig na Gaeilge, DIT
- Cumann Aistritheoirí agus Teangairí na hÉireann
- Coiste Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle Contae Chorcaí
- Pádraig Ó Cuanacháin
- Pádraig Hamilton
- Gearóid Ó Catháin
- Barra Ó Caoimh

- Private sector service providers
- Local private businesses

1.5 Assessment of the extent to which services are already available through Irish

Cork County Local Authorities already provide certain services, which are detailed in Chapter 3.

1.6 Methodology and Research Undertaken

In the preparation of this Scheme, Cork County Local Authorities:

- (i) Sought submissions from the public on the preparation of a draft scheme
- (ii) Carried out an internal assessment of services provided/capable of being provided in Irish by each section.

Cork County Local Authorities received a total of 9 submissions from the following:

- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Conradh na Gaeilge
- Oifig na Gaeilge, DIT
- Irish Translators' and Interpreters' Association
- Cork County Council's Grúpa Stiúrtha Committee
- Pádraig Ó Cuanacháin
- Pádraig Hamilton
- Gearóid Ó Catháin
- Barra Ó Caoimh

2.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal

Tá roinnt modhanna cumarsáide de chuid Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Áirithe sna modhanna cumarsáide seo, tá:

- Bróisiúir & Bileoga Eolais
- Foirmeacha larratais
- Foilseacháin
- Preasráitis
- Láithreán gréasáin

2.2 Doiciméadú Scríofa

- (i) Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha larratais
 - Beidh na Bileoga Eolais, na Bróisiúir & na Foirmeacha larratais nua ar fad a sholáthraíonn na húdarás áitiúla ar fáil go hiomlán dátheangach san aon chlúdach amháin ó chuirfear túis leis an scéim.
 - Tá Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí tiomanta ar a chinntiú go mbeidh na Foirmeacha larratais, na Bróisiúir & na Bileoga Eolais uilig atá ar fáil anois i mBéarla amháin ar fáil go hiomlán dátheangach faoi líul 2008.
- (ii) Foilseacháin
 - Beidh fáil ar dhoiciméid atá foilsithe sa dá theanga laistigh den chlúdach céanna.
 - Foilseoidh Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí a gcuid Buiséad reachtúil go dátheangach le linn saolré na scéime seo.
- (iii) Preasráitis
 - Foilseofar preasráitis a bhaineann go díreach leis an gceantar Gaeltachta

2.1 Means of Communication with the Public

Some of Cork County Local Authorities' methods of communication with the public are made available in both English and Irish. These methods of communication include:

- Brochures & Information Leaflets
- Application Forms
- Publications
- Press releases
- Website

2.2 Written Documentation

- (i) Brochures, Information Leaflets & Application Forms
 - All new Information Leaflets, Brochures & Application Forms produced by the local authorities shall be fully bilingual within the one cover from the commencement of the scheme.
 - Cork County Local Authorities are committed to ensuring that all Application Forms, Brochures & Information Leaflets that are currently available in English only will be made available fully bilingually by July 2008.
- (ii) Publications
 - Documents published in both languages will be made available within the same cover.
 - Cork County Local Authorities will publish their statutory Budgets bilingually during the lifetime of this scheme.



go dátheangach agus scaipfear thart ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla iad ag an am céanna.

- Beidh 25% de na preasráitis uilig dátheangach faoi dheireadh na scéime.

(iv) Láithreán Gréasáin

- Beidh an buanábhar atá ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí ar fáil i nGaeilge faoi lúil 2008 (agus déanfar an cothú céanna air leis an suíomh Béarla).
- Beidh an buanábhar atá ar láithreán gréasáin na gcomhairlí baile eile ar fáil go dátheangach de réir mar a fhhorbraítear iad.

2.3 Cumarsáid Béil

Faoi dheireadh na Scéime, cinnteoidh Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí:

- Go bhfuil an fhoireann fáiltithe/lasc-chláir in ann ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge,
- Go bhfuil siad eolach ar na bunbheannachaí Gaeilge ar a laghad agus go bhfuil na socruithe cuí in áit le go bhféadfar baill an phobail a chur i dteagmháil, gan mhoill, le hoifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, nuair is féidir é.
- Go ndéanfar forbairt ar threoirlínte chun déileáil le cásanna den tsórt seo agus go scaipfear ar an bhfoireann uilig iad.
- Go gcuirfear fógraí poiblí ar taispeáint, ar a mbeidh ainmneacha na foirne a thabharfas seirbhís trí Ghaeilge agus a thabharfas cuireadh don phobal úsáid a bhaint as an nGaeilge.
- Go ndéanfar iarrachtaí gné den dátheangachas a thabhairt isteach i gcruiinnithe na Comhairle agus i gcruiinnithe poiblí ar fud an chontae.

(iii) Press Releases

- Press releases relating solely to the Gaeltacht area will be produced bilingually and circulated to the Irish language and English language media simultaneously.
- 25% of all press releases will be bilingual by the end of the scheme.

(iv) Website

- All of the static content of the Cork County Council website will be available in Irish by July 2008 (and will be maintained in the same manner as the English site.)
- The static content on websites of individual town councils will be made bilingual as these websites are developed.

2.3 Oral Communication

By the end of the Scheme Cork County Local Authorities will ensure that:

- Reception/switchboard staff are able to give the name of the Local Authority in Irish,
- They are at least familiar with the basic greetings in Irish, and suitable arrangements are in place so that they can put members of the public in touch, without delay, with the office or officer responsible for offering the service required through Irish, where available.
- Guidelines for dealing with such instances will be developed and circulated to all staff.
- Public notices will be displayed inviting the public to use Irish and giving the names of staff who will provide a service in Irish.
- Efforts will be made to introduce an element of bilingualism during all Council meetings and public meetings throughout the county.

- Go mbreathnófar amach d'aon duine atá ag iarraidh labhairt i nGaeilge ag cruinniú poiblí.
- Go mbeidh gné an dátheangachais áirithe in imeachtaí poiblí ardphróifile mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle an Ghaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.
- Go mbeidh fáil ar urlabhraí údaraithe chun ráitis agus agallaimh a thabhairt do mheán na Gaeilge má theastaíonn sin.
- Anyone wishing to speak in Irish at a public meeting shall be facilitated.
- High profile public events shall incorporate an element of bilingualism into the proceedings as part of the Council's efforts to positively promote Irish in the community.
- An authorised spokesperson will be available to give statements and interviews to the Irish language media should the need arise.



CAIBIDIL 3

Achoimre ar Sheirbhísí/ Gníomhaíochtaí a sholáthraíonn Rannóga

3.1 Réamhrá

Léiríonn an Caibidil seo na príomhgníomhaíochtaí/seirbhísí a sholáthraíonn an riad mór rannóga agus aonaid atá laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí agus an 12 Comhairle Baile.

3.2 Teanga Feidhme Gach Rannóige

3.2.1 Rannóga Ag Obair i nGaeilge

Cuireann an tOifigeach Forbartha Gaeilge sa Roinn Gnóthaí Corparáideacha na seirbhísí ar fad ar fáil trí mheán na Gaeilge.

3.2.2 Rannóga a chuireann seirbhís trí Bhéarla amháin ar fáil

Is é an Béarla an teanga oibre a úsáidtear i ngach rannóg/aonad d'Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí seachas an tOifigeach Forbartha Gaeilge. Léiríonn an mhír seo feidhmeanna/gníomhaíochtaí na rannóga a chuireann seirbhís ar fáil i mbÉarla amháin.

Limistéar an Tuaiscirt, an Deiscirt agus an Iarthair

Tithíocht, Sláintíocht, Bóithre, Bainistiú Dramhaíola, Seirbhísí Caitheamh Aimsire agus Fóntais.

Pobal & Fiontar

Pobal & Fiontar, Seirbhísí Ealaíon agus Leabharlainne.

Gnóthaí Corparáideacha

Seirbhísí Corparáideacha, Cumarsáid, Deontais Ardoideachais, Toghchóras, Aturanaetha Contae.

CHAPTER 3

Summary of Services/Activities provided by Sections

3.1 Introduction

This Chapter outlines the main activities/services provided by the numerous sections and units within Cork County Council and its 12 Town Councils.

3.2 Operating Language of Each Section

3.2.1 Sections Working in Irish

The Oifigeach Forbartha Gaeilge, Corporate Affairs Department provides all services through the medium of Irish.

3.2.2 Sections Providing an English language only service

English is the working language used in all sections/units of Cork County Local Authorities with the exception of an t-Oifigeach Forbartha Gaeilge (Irish Development Officer). The following section sets out the functions/activities of the sections that provide an English language only service.

Northern, Southern and Western Divisions

Housing, Sanitary, Roads, Waste Management, Recreation and Amenity Services.

Community & Enterprise

Community & Enterprise, Arts and Library Services.

Corporate Affairs

Corporate Services, Communications, Higher Education Grants, Franchise, County Solicitors.

Bainistiú Comhshaoil & Dramhaíola

Rialú Dramhaíola, Bonneagar Dramhaíola,
Caighdeán Uisce, Seirbhísí Tréidliachta

Eastáit & Forbairt

Éadáil Talún, Forbairt Eacnamaíochta

T.F.

Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise

Airgeadas

Bainistiú Airgeadais, Bailiúchán Ioncaim,
Rátaí, Árachas, Ionad Teagmhála do
Chustuméirí, Mótarcháin.

Infrastruchtúr & Forbairt

Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Dóiteáin,
Rialú Foirgníochta, Bainistiú Fuinnimh, Trácht
& Iompar, Caomhnú Uisce, Pleanáil agus
Dearadh Infrastruchtúrtha.

Dearadh agus Tógáil Bóithre Náisiúnta

Dearadh agus Tógáil Bóithre Náisiúnta.

Pearsanra

Earcaíocht, Cumarsáid Foirne, Sláinte agus
Sábháilteacht, Oiliúint, Aoisliúntas.

Pleanáil

Polasaí Pleanála, Rialú Pleanála,
Forfheidhmiú Pleanála, Caomhnú
Oidhreachta.

Comhairlí Baile

Cuireann an dá cheann déag de na Comhairlí
Baile raon seirbhísí rialtais áitiúil ar fáil dá
réimsí riaracháin.

Tá méid áirid seirbhísí dátheangach ar
fáil sna rannóga sin a áiríonn foirmeacha
iarratais agus comhfhereagras scríofa agus tá
baill foirne i roinnt rannóga atá sásta deileáil
le ceisteanna trí Ghaeilge.

Environment & Waste Management

Waste Regulation, Waste Infrastructure,
Water Quality, Veterinary Services

Estates & Development

Land Acquisition, Economic Development

I.T.

Information Technology Services

Finance

Financial Management, Revenue Collection,
Rates, Insurance, Customer Contact Centre,
Motor Tax.

Infrastructure & Development

Architectural Services, Fire Services, Building
Control, Energy Management, Traffic &
Transport, Water Conservation, Infrastructural
Planning and Design.

National Roads Design & Construction

National Roads Design & Construction.

Personnel

Recruitment, Staff Relations, Health and
Safety, Training, Superannuation.

Planning

Planning Policy, Planning Control, Planning
Enforcement, Heritage Conservation.

Town Councils

The twelve Town Councils provide a range
of local government services to their
administrative areas.

There is some limited bilingual services
available in these sections which include
application forms and written communication
and staff members have been identified in
some sections who are willing to deal with
Irish language issues.



Feabhsú ar Sheirbhísí a Chuirfear ar fáil go Dátheangach

4.1 Polasaí Ginearálta

Tá Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí tiomanta ar dóthain lucht fairne a bheith acu a bheadh in ann seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach rannóga de na hÚdarás a bhíonn ag déileáil go rialta leis an bpobal.

Is é an príomhaidhm ná atmaisféar an dátheangachais a chruthú agus a chothú taobh istigh de na rannóga go léir sa Chomhairle ionas go n-aireoidh na custaiméirí a labhraínn Gaeilge go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil spreagadh á thabhairt dóibh a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus go bhfuil na custaiméirí agus an lucht fairne compordach ag déanamh a ngnó trí mheán na Gaeilge.

Tá sé i gceist ag an gComhairle leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil go dátheangach a leathnú agus fócas ar leith bheith ar chumarsáid aon lena haon lena gcustaiméirí. Aithnítear gurb é an príomh Deasc Fáiltithe, na Leabharlanna, an oifig mótarachánach agus na hOifigí Ceantair a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht na réimsí tosaíochta le haghaidh nua-oiliúint fairne in oiliúint agus feasacht teanga. Le linn saolré na scéime, tabharfar aitheantas agus oiliúint do lucht fairne sna rannóga sin atá sásta dul faoi oiliúint teanga oríúnaithe ionas go mbeidh seirbhís comhionann ar fáil go dátheangach ag na cuntair phoiblí sna réimsí seo faoi dheireadh na scéime. Tabharfar aitheantas freisin do lucht fairne i rannóga eile le haghaidh nua-oiliúna agus déileáilfear leis seo i scéimeanna teanga amach anseo.

4.2 An Ghaeltacht

Luíonn ceantair Ghaeltachta Mhúscraí agus Chléire laistigh de cheantar feidhme

Enhancement of Services to be Provided Bilingually

4.1 General Policy

Cork County Local Authorities are committed to securing an adequate number of staff competent to provide a service through Irish in all sections of the Authorities that deal regularly with the public.

The primary deliverable will be to create and foster an atmosphere of bilingualism within all sections of the Council so that Irish speaking customers feel welcome and are encouraged to do their business in Irish and so that both customers and staff feel comfortable in conducting their business through the Irish language.

The Council proposes to expand and enhance the level of service provided bilingually with particular attention to one to one communication. The main Reception Desk, Libraries and Motor Tax office and the Area Offices serving the Gaeltacht have been identified as the priority areas for upskilling of staff in language training and language awareness. Staff within these sections who are willing to take tailored language training will be identified and trained within the lifetime of this scheme so that by the end of the scheme an equivalent service will be available bilingually at public counters in these areas. Staff in the other sections will also be identified for upskilling in language training and this will be dealt with in subsequent language schemes.

4.2 An Ghaeltacht

The Gaeltacht areas of Múscraí and Cléire fall within the functional area of Cork County Local Authorities. The Council recognises the special needs of the Gaeltacht areas as centres of our linguistic heritage and

Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí. Aithníonn an Chomhairle riachtanais speisialta na gceantar Gaeltachta mar ionaid oidhreachta agus chultúrtha teanga. Tá an Chomhairle tiomanta ar chaomhnú agus forbairt na Gaeltachta agus beidh sé seo ina thosaíocht i gcónaí acu. Tá siad tiomanta freisin a chinntíú go bhfuil a gcuid seirbhísí ar fáil i nGaeilge do mhuintir na Gaeltachta ach go háirithe. Níl aon oifig ag Comhairle Contae Chorcaí atá lonnaithe go díreach sa Ghaeltacht. Ach toisc gurb iad na hOifigí Ceantair atá i Maigh Chromtha, An Sciobairín agus Dún Mánmhaí na hoifigí áitiúla a úsáideann na daoine sa Ghaeltacht, tabharfaidh an Chomhairle Contae tosaíocht do chéimeanna a chinnteoidh go mbeidh seirbhísí comhionann ar fáil go dáttheangach ag cuntair phoiblí sna hoifigí seo faoi dheireadh na scéime.

- Is trí mheán na Gaeilge amháin nó go dáttheangach a bheidh cruinnithe poiblí a eagrófar sa Ghaeltacht.
- Beidh an t-eolas atá dírithe ar phobal na Gaeltachta i nGaeilge amháin, nó i mBéarla agus i Gaeilge nuair is cuí. Áirítear anseo bróisiúir agus bileoga eolais, foirmeacha iarratais, preasráitis, doiciméid polasaí agus an suíomh gréasáin a thagann faoi rialú na Comhairle.
- Úsáidfidh na húdaráis áitiúla an tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 do chríocha oifigiúla.

4.3 Teicneolaíocht Faisnéise

Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí go gcuirfear na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le cumarsáid leictreonach:

- Go mbeidh aon séanadh/teachtaireacht caighdeánach ar ríomhphost dáttheangach faoi dheireadh 2007.
- Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí go mbeidh aon bhogearraí ríomhreachta atá á gceannach in ann déileáil go hiomlán leis an teanga

culture. The council is committed to the protection and development of the Gaeltacht and this will continue to be a priority. It is also committed to ensuring that its services are available in Irish to the people of the Gaeltacht in particular. Cork County Council does not have any offices located directly in the Gaeltacht. However, as the Area Offices in Macroom, Skibbereen and Dunmanway are the local offices used by the people of the Gaeltacht, the County Council shall prioritise steps to ensure that an equivalent service will be available bilingually at public counters in these offices by the end of the scheme.

- Public meetings organised in the Gaeltacht shall be in Irish only or fully bilingual.
- Information directed at the public in the Gaeltacht will be available in Irish only, or in both English and Irish where appropriate. This includes brochures and leaflets, application forms, press releases, policy documents and website, where within the control of the Council.
- The Placenames (Ceantair Ghaeltachta) Order 2004, will be used by the local authorities for official purposes.

4.3 Information Technology

In relation to electronic communication, Cork County Local Authorities will ensure that the following policies will be implemented:

- Any standard disclaimer or message on e-mail correspondence will be bilingual by the end of 2007.
- Cork County Local Authorities shall ensure that any new computer software being purchased is fully capable of handling the Irish language i.e. will be capable of dealing with names and addresses input in Irish. Existing systems will, where necessary, (in so far as it is under its control) be made compatible within the lifetime of this scheme.
- Establish a generic e-mail address for queries ‘as Gaeilge’. Cork County Local



Ghaeilge, sé sin, go mbeidh siad in ann déileáil le hionchur ainmneacha agus seoltaí trí Ghaeilge Go gcuirfear na córais reatha, nuair is cuí, in oiriúint (chomh fada agus is féidir leo) laistigh de shaolré na scéime seo.

- Go mbunófar seoltaí ríomhphoist cineálaí d'fhiorsúcháin trí Ghaeilge. Go ndéileálfar go pras leis na fiosrúcháin seo sa tslí chéanna agus a dhéantar le fiosrúcháin trí Bhéarla faoi dheireadh 2007.
- Go dtiocfaidh aon chóras idirghníomhach nua sa dá theanga oifigiúil i bhfeidhm ag an am céanna agus go ndéanfar uasghrádú ar na córais reatha ionas go mbeidh siad dáttheangach (chomh fada agus is féidir leis an gComhairle é) laistigh de shaolré na scéime seo.

4.4 Earcaíocht & Socrúchán

Déanfaidh an Rannóg Earcaíochta iarracht an fhoireann chuí a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge a shocrú/a aistriú chun feidhmiú na scéime seo a chinntíú, de réir na gcáilíochtaí a luaitear le postanna áirithe.

Cuirfear agallamh i nGaeilge agus i mBéarla nuair atá cumas na Gaeilge riachtanach do phost.

4.5 Oiliúint & Forbairt

Tá sé mar aidhm lárnach straitéiseach ag Údaráis Áitiúla Chontae Chorcaí a chinntíú “go soláthraíonn an struchtúr eagraíochta agus na córais fhobhartha chultúrtha agus acmhainní daonna an fhoireann agus na baill thofa leis an seans is mó ina bhforbairt agus go gcabhraíonn siad chun an fheidhmiú is fearr a bhaint amach i seachadadh seirbhísí” (Plean Corparáideach 2005-2009). Tugann na hÚdaráis Áitiúla aitheantas don tábhacht atá le foireann agus baill thofa atá chomh díograiseach, tiomanta agus oilte, a leanann orthu ag cur go suntasach le rathúlacht na heagraíochta. Ní mór mar sin leanúint leis an infheistíocht in oiliúint agus forbairt phearsanra le go mbeidh na scileanna acu leanúint ar aghaidh mar rannpháirtithe

Authorities will ensure that such queries are addressed promptly in the same manner as English language queries by the end of 2007.

- Cork County Local Authorities will ensure that any new interactive systems will be introduced simultaneously in both official languages and existing systems upgraded so as to make them bilingual (in so far as it is under the Council's control) within the lifetime of this scheme.

4.4 Recruitment & Placement

The Recruitment Section will endeavour to achieve the appropriate placement/transfer of staff with proficiency in Irish to ensure the implementation of this scheme, subject to the declared qualifications of particular posts.

Where proficiency in the Irish language is an essential qualification for a post, an interview in the Irish and English languages will be conducted.

4.5 Training & Development

It is a core strategic objective of Cork County Local Authorities to ensure “that the organisational structure, culture and human resource development systems provide staff and elected members with the maximum opportunity for their development and assist in achieving optimum performance in service delivery” (Corporate Plan 2005-2009). The Local Authorities acknowledge the importance of having such a dedicated, committed and skilled staff and elected members who continue to make a significant contribution to the success of the organisation. There is a need, therefore, to continue investment in training and development of personnel to equip them with the skills to continue to be effective participants and be innovative in meeting the challenges of delivering a wide and complex programme of services.

In the light of the above strategy as outlined in the Corporate Plan, and the Official

éifeachtúla agus go mbeidh an inniúlacht acu freastal ar na dúshláin a bhaineann le seachadadh clár seirbhísí atá leathan agus casta.

Ó thaobh na straitéisí thusas mar atá léirithe sa Phlean Corparáideach, agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla agus sa Scéim seo, cinnteoidh an rannóg Acmhainní Daonna:

- go dtabharfar an spreagadh agus an deis chéanna don fhoireann uilig chun a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha.
- go leanfaidh an rannóg Acmhainní Daonna orthu ag tacú leis an bhfoireann a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.

4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Gaeilge Eile

Tugann Údarás Áitiúla Chontae Chorcaí aitheantas agus suntas do na roghanna teanga ar leith i scoileanna Gaeilge agus Gaelscoileanna i gContae Chorcaí, chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí Gaeilge eile atá ag feidhmiú sa chontae agus go náisiúnta. Tabharfar tosaíocht do sholáthar seirbhísí i nGaeilge do na heagraíochtaí agus grúpaí ar leith seo.

- Is i nGaeilge amháin nó go dátheangach a dhéanfar déileáil le scoileanna Gaeilge, Gaelscoileanna agus le grúpaí nó eagraíochtaí Gaeilge eile agus tabharfar tosaíocht ar sheirbhís trí Ghaeilge d'instiúidí agus eagraíochtaí dá leithéid.

4.7 Ainmniú Forbairtí Tithíochta

Is é polasaí na Comhairle ná go dtabharfadh ainmniú forbairtí nua tithíochta léargas ar chomhthéacs áitiúil, topagrafach, stairiúil, cultúrtha agus éiceolaíochta an tsuímh nuair is indéanta sin agus go n-áireodh sé seo úsáid na Gaeilge. Bunaíodh Fóram Logainmneacha i 2006 chun cuidiú leis an gComhairle a chinntíú go gcloíonn ainmneacha cuí ar fhorbairtí nua tithíochta poiblí agus príobháideach leis an méid thuasluaite.

Languages Act and this Scheme, the Human Resources section will:

- Ensure that all staff are given equal encouragement and opportunity to improve their Irish language skills through training and development courses.
- Continue to support relevant staff providing services through Irish.

4.6 Gaelscoileanna & Other Irish Language Organisations

Cork County Local Authorities also recognize and acknowledge the particular linguistic preferences of Irish language schools and Gaelscoileanna in County Cork, as well as other Irish Language organizations and groups operating throughout the county and nationally. The provision of services in Irish to these particular bodies and groups will be prioritised.

- Any dealings initiated with Irish language schools, Gaelscoileanna and other Irish speaking groups or organizations shall be in the Irish language only or bilingual and provision of an Irish language service to such institutions and organisations will be prioritised.

4.7 Naming of Housing Developments

It is the policy of the Council that the naming of new residential developments should reflect the local, topographical, historical, cultural and ecological context of its siting wherever practical, and should include the use of the Irish language. A Placenames Forum was established in 2006 to assist the Council in ensuring that appropriate names for new public and private housing developments comply with the above.



CAIBIDIL 5

Monatóireacht, Athbhreithniú agus Poiblíocht ar an Scéim atá Aontaithe

5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Beidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearach laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí ag coinneáil súil ar fheidhmiú éifeachtach na scéime seo.

Is baill den fhoireann shinsearach i ngach rannóg (atá freagrach as feidhmiú na scéime ina réimsí féin) a bheidh ag breathnú amach den chuid is mó don mhonatóireacht ó lá go lá, le cabhair ón Oifigeach Gaeilge agus tuairisceoidh siad don Stiúrthóir Seirbhísí cuí go rialta. Foilseofar sonraí ar an dul chun cinn i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chorcaí.

5.2 Poiblíocht ar an Scéim atá Aontaithe

Beidh ábhar na scéime seo, maraon le gealltanais agus soláthairtí na scéime fógartha don phobal i gcoitinne trí:

- Phreasráitis
- Seoladh Oifigiúil na scéime
- Fógraíocht ar Sholáthairtí
- Scaipeadh chuig gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí
- Láithreán gréasáin
- Leabharlanna Chontae Chorcaí

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh freisin chuig Oifig Choimisiúní na dTeangacha Oifigiúla.

CHAPTER 5

Monitoring, Revision & Publicising of Agreed Scheme

5.1 Monitoring & Revision

The Senior Management Group within Cork County Council will keep the effective operation of this scheme under review.

The day-to-day monitoring function will be carried out primarily by senior staff members in each of the Sections (who are responsible for the implementation of the scheme within their own areas), with the assistance of the Irish officer, and will report on a regular basis to the relevant Director of Services. Details of progress will be published in Cork County Councils' Annual Report.

5.2 Publicising of Agreed Scheme

The contents of this scheme, along with the commitments and provisions of the scheme, will be publicised to the general public by means of:

- Press Release
- Official Launch of the scheme
- Advertising of provisions
- Circulation to appropriate agencies and public bodies
- Website
- Cork County Libraries

A copy of this scheme has also been forwarded to oifig Choimisiúní na dTeangacha Oifigiúla.



Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Corcaigh
Teileafón: 021 4276891
Ríomhphost: gaeilge@corkcoco.ie Gréasán: www.corkcoco.ie

Cork County Council, County Hall, Cork
Tel: 021 4276891
E-mail: gaeilge@corkcoco.ie Web: www.corkcoco.ie